Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council



Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

# Obair gan Teorainneacha
# Ár gCód Cleachtais maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú

**Stair an Doiciméid**

| Obair gan Teorainneacha Ár gCód Cleachtais maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú | | | |
|---|---|---|---|
| **Roinn** | | **Aicmiú Slándála** | |
| Acmhainní Daonna | | Íseal | |
| **Leagan** | **Dáta Athbhreithnithe** | **Arna Ullmhú ag** | **Alt a Athbhreithníodh** |
| Leagan 1 | 2011 | Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú | |
| Leagan 2 | Bealtaine 2025 | Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú | An Doiciméad ar Fad |
| | | | |
| | | | |
| **Úinéir an Doiciméid** | **Uimhir an Doiciméid** | **Stádas** | **Dáta ar Faomhadh é** |
| Mary Pyne | Leagan 1 | | 2011 |
| Aidan Blighe | Leagan 2 | | 24th Iúil 2025 |

# Ábhair

1 Réamhrá ar an gCód Cleachtais....4
2 Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ....6
3 Nochtadh Míchumais ....7
4 An sprioc maidir le míchumas a bhaint amach ....8
5 Freastal réasúnta a sholáthar-tacú le fostaithe....10
6 Earcaíocht, Timpeallacht Oibre agus Forbairt Gairme....11
7 Nósanna Imeachta Aslonnaithe ....15
8 Gníomhartha tacaíochta a bhaineann le míchumas ....16
9 An Cód Cleachtais a Chur i bhFeidhm agus Monatóireacht a Dhéanamh air....19
10 Tagairtí Eile ....20
Aguisín 1: Faisnéis dhlíthiúil ábhartha agus faisnéis faoi mhíchumas ....21
Aguisín 2: Ceisteanna Coitianta....23
Aguisín 3: Samplaí den teicneolaíocht agus oiriúnú na n-ionad oibre....26
Aguisín 4: Rudaí is Ceart agus Nach Ceart a Dhéanamh....28
Aguisín 5: Teagmhálacha inmheánacha úsáideacha agus gníomhaireachtaí eile ....31
Aguisín 6: Dualgas Comhionannais agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí ....35

# 1 Réamhrá ar an gCód Cleachtais

I gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, cothaímid agus coinnímid ionad oibre cuimsitheach atá bunaithe ar dhínit agus ar urraim, áit a gcuirtear fáilte roimh éagsúlacht agus ina ndéantar freastal uirthi, le cinntiú go mbraitheann ár bhfostaithe uile, cibé acu atá faoi mhíchumas nó nach bhfuil faoi mhíchumas, go bhfuil meas againn orthu agus go gcaitear go cothrom leo ar fad.

Is Cód Cleachtais é 'Obair gan Teorainneacha' atá deartha go cúramach againn mar uirlis úsáideach do gach fostaí, lena n-áirítear bainisteoirí sinsearacha. Cuireann sé leis an dul chun cinn suntasach atá déanta againn maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhostaithe faoi mhíchumas. Déantar cur síos ann freisin ar na próisis atá curtha i bhfeidhm againn chun freastal ar riachtanais éagsúla ár bhfostaithe.

Leagtar amach sa Chód Cleachtais seo na gealltanais a thugann an eagraíocht seo do gach duine. Tá súil agam go mbeidh tionchar dearfach ag an bhfaisnéis sa cháipéis seo ar ár n-idirghníomhaíochtaí laethúla lenár gcomhghleacaithe oibre.

Ullmhaíodh an Cód Cleachtais seo chun tacú le cur i bhfeidhm Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ('an Dualgas'). Faoin Dualgas seo, tá sé de dhualgas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn, agus cearta daonna fostaithe, úsáideoirí seirbhíse, comhaltaí, agus tairbhithe beartais a chosaint. Rinneadh Measúnacht Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine ar an dréacht-Chód Cleachtais Obair gan Teorainneacha maidir le daoine faoi mhíchumas a fhostú. Cinnteoidh cur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais go gcomhlíontar ceanglais an Dualgais níos fearr.

Comhlíontar na hAchtanna seo a leanas leis an gCód Cleachtais seo:

- Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015;
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005;
- An tAcht um Míchumas 2005; agus
- An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014.

Aithnítear agus cuirtear san áireamh an éagsúlacht i measc daoine faoi mhíchumas leis an gCód Cleachtais seo.



**Aidan Blighe**
Leas-Phríomhfheidhmeannach
An Rannóg Acmhainní Daonna

# 2 Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas

Tá Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ceaptha ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is é ár nOifigeach Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe (CÉI) a chomhlíonann ról an Oifigigh Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas. Buailfidh an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas le fostaithe nua agus fostaithe reatha araon a nocht míchumas, chun comhairle, tacaíocht agus treoir a chur ar fáil maidir leis an mbeartas seo, a gcearta faoi reachtaíocht chomhionannais, aon fhreastal réasúnta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, agus na beartais agus na nósanna imeachta atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna nó gearáin fhéideartha. Tá an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ar fáil freisin chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do bhainisteoirí i réimse an mhíchumais. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas trí ríomhphost ag edi@dublincity.ie nó ar an teileafón ag 01 222 3136.

# 3 Nochtadh Míchumais

Tuigimid gur féidir gur rud íogair é daoine a chur ar an eolas go bhfuil tú faoi mhíchumas. Tá sé mar aidhm againn timpeallacht oibre ionchuimsitheach a chothú a spreagann fostaithe atá faoi mhíchumas nó a fhaigheann mhíchumas nó a thagann míchumas orthu chun é a phlé lena mbainisteoir líne.

Nuair a nochtann fostaí an fhaisnéis seo, láimhseálfaidh a mbainisteoir í go rúnda, le cur chuige dearfach agus tacúil.

Nuair a nochtann fostaí go bhfuil míchumas orthu, tá deis ann chun a chinntiú go gcuirtear aon tacaí nó freastal réasúnta i bhfeidhm.

Tar éis d'fhostaí a mbainisteoir a chur ar an eolas faoina mhíchumas, ba chóir don bhainisteoir na gníomhartha seo a leanas a ghlacadh:

- Cuir an fostaí ar an eolas go bhfuil Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas ar fáil;
- Fiafraigh an bhfuil aon fhreastal réasúnta ag teastáil uathu chun tacú leo ina ról;
- Cuir faisnéis ar fáil maidir le beartais agus nósanna imeachta ábhartha a bhaineann le fostaithe faoi mhíchumas (Féach Aguisín 2);
- Mínigh an liosta rúnda míchumas a choinníonn an Oifig CÉI (Féach ar alt 4); agus
- Fiosraigh, le toiliú an fhostaí, an mbeadh sé oiriúnach agus tairbheach an fhaisnéis seo a roinnt le comhghleacaithe. Tá sé seo amhlaidh toisc gurbh fhéidir go mbeadh gá le coigeartuithe ar a sceideal oibre nó a ndualgais mar gheall ar mhíchumas duine, agus is minic a bhíonn sé tairbheach do chomhghleacaithe a bheith ar an eolas faoi na socruithe seo agus go dtuigeann siad an chúis atá leo.

Mar sin féin, is faoin bhfostaí atá sé cinneadh a dhéanamh an mian leo a míchumas a nochtadh dá gcomhghleacaithe. Ní dhéanfar aon ghníomh gan toiliú an fhostaí.

# 4 An sprioc maidir le míchumas a bhaint amach

Mar chomhlacht poiblí, tá sé de dhualgas ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath sprioc reachtúil maidir le míchumas a bhaint amach i ndáil le daoine faoi mhíchumas a fhostú. Táimid faoi oibleagáid tuairisceáin bhliantúla a dhéanamh chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ina leith seo. Mura bhfuil cúiseanna maithe ann lena mhalairt, ní mór do chomhlacht poiblí daoine faoi mhíchumas a fhostú ionas go mbeidh 6% dá fostaithe faoi mhíchumas faoi 2025. (An tAcht um Míchumas 2005 Cuid 5, Alt 47).

Mar léiriú ar a tiomantas an sprioc seo a bhaint amach agus a shárú, déanann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath na gníomhartha seo a leanas:

- Déantar teagmháil leanúnach le Cónaidhm na hÉireann um Míchumas (CÉM) chun iarratais phoist a spreagadh;
- Déantar teagmháil le hEagraíochtaí Daoine faoi Mhíchumas, de réir mar is gá;
- Forbraítear tionscnaimh chumarsáide agus for-rochtana chun iarratais ar phoist ó dhaoine faoi mhíchumas, ina éagsúlacht ar fad, a spreagadh; agus
- Déantar an tuiscint ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath mar fhostóir atá feiliúnach do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus a chur in iúl.

## Tuarascáil ar chomhlíonadh na sprice maidir le míchumais (An tAcht um Míchumas 2005 Cuid 5, Alt 48)

Ní mór do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a fháil amach cé mhéad dá fostaithe atá faoi mhíchumas chun tuairisciú a dhéanamh ar chomhlíonadh na sprice maidir le míchumas. Cuimsíonn an sprioc reachtúil seo na fostaithe sin atá cumhdaithe ag an sainmhíniú faoi Chuid 1 Alt 2 (1) den Acht um Míchumas 2005:

“Tagraíonn míchumas, i ndáil le duine, do shrian substaintiúil ar a gcumas gairm, gnó nó slí bheatha a dhéanamh sa Stát, nó páirt a ghlacadh sa saol sóisialta nó cultúrtha, mar gheall ar lagú fisiceach, céadfach, sláinte mheabhrach nó intleachtúil fadtéarmach”.

# Dáta tuairiscithe comhlíontachta

Ní mór do chomhlachtaí poiblí tuairisciú gach bliain faoin 31 Márta maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí seo. Tuairiscíonn siad do Choistí Faireacháin reachtúla ina máthair-Roinn.

Scríobhann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tuarascáil bhliantúil a chuireann sí faoi bhráid a Coiste Faireacháin sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Sa tuarascáil:

- áirítear sonraí a bhaineann le líon na ndaoine faoi mhíchumas arna bhfostú ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath; agus
- doiciméadaítear aon bheartais, cláir agus nósanna imeachta arna n-úsáid ag an eagraíocht chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus chun tacú léi.

Aicmítear an fhaisnéis uile a bailíodh maidir le stádas míchumais don tuarascáil seo mar ‘sonraí pearsanta íogaire’ faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Coimeádtar faoi rún í agus stóráiltear go slán í agus rochtain theoranta ag fostaithe san Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú.

Beidh na fostaithe seo a leanas san áireamh sa tuairisceán staitistiúil bliantúil anaithnidithe:

- ball foirne atá liostaithe leis an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú mar dhuine faoi mhíchumas agus/nó a fuair freastal réasúnta, mura ndéanann siad agóid i gcoinne a gcuid sonraí a chur san áireamh i gcomhréir lena gcearta faoin RGCS.

# 5 Freastal réasúnta a sholáthar chun tacú le fostaithe

Toirmisctear idirdhealú in earcaíocht, fostaíocht agus oiliúint ar naoi bhforas lena n-áirítear ar fhoras an mhíchumais faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015. Ceanglaítear leis an dlí ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, mura rud é go gcuirfeadh sé ualach díréireach ar an eagraíocht, an méid is gá a dhéanamh ionas gur féidir le fostaí atá faoi mhíchumas:

- páirt a ghlacadh i bhfostaíocht;
- dul chun cinn a dhéanamh agus tabhairt faoi oiliúint.

Mar sin féin, ní cheanglaítear leis an dlí ar fhostóirí aon chóireáil, áis ná rud a sholáthar a d’fhéadfadh an duine a sholáthar de ghnáth nó go réasúnta dóibh féin agus iad i mbun a saoil laethúil, mar shampla, áiseanna éisteachta.

Má tá duine faoi mhíchumas ní gá go ndéanfadh sé sin difear dá gcumas a gcuid oibre a dhéanamh. Mar sin féin, d’fhéadfadh go dteastódh freastal réasúnta ó roinnt fostaithe faoi mhíchumas chun a gcuid oibre a dhéanamh chomh maith agus is féidir leo.

Tá ceart ag fostaithe faoi mhíchumas freastal réasúnta a bheith acu. Tá dualgas cúraim orainn freisin i leith ár bhfostaithe uile agus cuirfimid freastal réasúnta ar fáil i gcónaí, i gcás gur féidir, chun cabhrú le fostaithe le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh. Tá nós imeachta ar leithligh maidir le hIarratas ar Fhreastal Réasúnta i bhfeidhm ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath a sholáthraíonn tuilleadh eolais ábhartha sa réimse seo. Is féidir le fostaithe faoi mhíchumas a bhfuil freastal réasúnta ag teastáil uathu comhairle agus tacaíocht a lorg ón Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas.

I measc samplaí de fhreastal réasúnta tá oiriúnuithe ar stáisiúin oibre; athdháileadh a dhéanamh ar thascanna poist; socruithe oibre solúbtha; agus teicneolaíocht chúnta a sholáthar. Tá tuilleadh samplaí ar fáil in Aguisín 3.

Ba chóir ráiteas freastail réasúnta a áireamh i ngach cumarsáid le haghaidh oiliúna nó imeachtaí a bhíonn ar siúl i bpearsa nó ar líne. Baineann sé sin le gníomhaíochtaí amhail cúrsaí/ cláir foghlama agus forbartha agus imeachtaí sóisialta. Seo sampla de ráiteas is féidir a úsáid: Cuir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar an eolas, le do thoil, má tá aon riachtanais agat a bhaineann le míchumas nó le haon riachtanais chothaithe sula bhfreastalaíonn tú ar oiliúint nó ar aon imeacht.

# 6 Earcaíocht, Timpeallacht Oibre agus Forbairt Gairme

## Earcaíocht

I gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, tá polasaí earcaíochta oscailte agus trédhearcach againn a bhaineann le gach iarratasóir. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine faoi mhíchumas, cuirimid freastal réasúnta ar fáil chun freastal ar riachtanais shonracha, inrochtaineacht a chinntiú, agus céimeanna a ghlacadh chun a chinntiú nach dtarlaíonn aon idirdhealú, ciapadh ná steiréitíopáil.

Earcaímid na cineálacha daoine seo a leanas:

- iad siúd a bhfuil na cáilíochtaí riachtanacha acu don phost; agus
- atá in ann príomhfheidhmeanna an phoist a chomhlíonadh, agus freastal réasúnta á soláthar de réir mar is gá.

Tá baill ár mbord agallaimh oilte ar neamh-idirdhealú, ar fhreastal réasúnta, agus feasacht ar mhíchumas agus ar chomhionannas.

Chomh maith le fáilte a chur roimh iarrthóirí poist agus fostaithe agus freastal réasúnta a chur ar fáil dóibh, tá bearta dearfacha glactha againn freisin chun líon na ndaoine faoi mhíchumas inár lucht saothair a mhéadú. Aithnímid na buntáistí iomadúla is féidir le daoine faoi mhíchumas a thabhairt dár n-eagraíocht.

Cuirtear in iúl do gach iarratasóir poist gur féidir leo fógra a thabhairt dár nAonad Acmhainní má tá siad faoi mhíchumas agus má theastaíonn freastal réasúnta uathu ag an agallamh d’fhonn a chinntiú go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach.

# Timpeallacht Oibre

Táimid tiomanta do thimpeallachtaí oibre a chothú agus a choinneáil atá fáilteach agus sábháilte d'éagsúlacht ár bhfoirne, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas, agus aithnímid an éagsúlacht seo mar fhoinse ríthábhachtach nirt agus luacha san ionad oibre.

I dtaca leis sin, déanaimid an méid seo a leanas:

- Ár mbeartas 'Dínit san Ionad Oibre' a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm chun a chinntiú nach bhfuil aon chineál bulaíochta, idirdhealaithe, ciaptha ná gnéaschiaptha inár dtimpeallachtaí oibre.
- Ár 'Nós Imeachta um Iarratas ar Fhreastal Réasúnta' a chur chun cinn agus a chur chun feidhme chun a chinntiú go dtacaítear le gach ball foirne le freastal réasúnta de réir mar is cuí ionas gur féidir leo a gcuid oibre a dhéanamh chomh maith is atá ar a gcumas.
- Ár 'Treoirlínte maidir le Faisnéis Inrochtana' a chur chun cinn agus a chur chun feidhme chun cumarsáid inrochtana a chinntiú ar fud na heagraíochta.
- Ár 'Treoir maidir le hIonaid Inrochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a Fhruiliú - AccessAble' a chur chun cinn agus a chur chun feidhme lena chinntiú go reáchtálfar oiliúint nó imeachtaí in ionaid atá inrochtana go fisiciúil.
- Oiliúint a chur ar fáil don fhoireann maidir le feasacht ar mhíchumas agus ionad oibre ionchuimsitheach a chur chun cinn bunaithe ar idirghníomhaíochtaí a léiríonn na 'Rudaí is Ceart agus Nach Ceart a Dhéanamh' in Aguisín 4.
- Ár luachanna comhroinnte maidir le dínit agus meas, agus éagsúlacht agus inrochtaineacht a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i ngach timpeallacht oibre agus i mbainistíocht gach timpeallachta oibre.

## Fostaithe faoi mhíchumas

Cinntímid go mbuaileann aon iarratasóir poist rathúil atá faoi mhíchumas lenár nOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas chun:

- a míchumas a phlé;
- cóipeanna a sholáthar de na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm chun tacú le daoine faoi mhíchumas;
- aon chóiríocht réasúnta a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu ina ról nua a phlé chun cabhrú leo a gcuid oibre a dhéanamh chomh maith agus is féidir leo; agus
- a dtoiliú a fháil le cur leis an liosta míchumais rúnda atá á choinneáil ag an Oifig CÉI.

Féadfaidh an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas teagmháil a dhéanamh le bainisteoir líne an fhostaí nua freisin más gá agus má thugtar toiliú.

Bhí rath ar an bprótacal seo san am a chuaigh thart chun a chinntiú go mbeadh aon tacaí nó freastal réasúnta eile i bhfeidhm a luaithe is féidir ionas go mbraitheann fostaithe nua go dtugtar tacaíocht dóibh agus go bhfuil meas orthu ón tús. Chomh maith leis sin, tá sé riachtanach a chinntiú go gcuirtear freastal, próisis nó tacaíochtaí ar fáil d'fhostaithe a bhfuil gá acu leo faoi riachtanais sláinte agus sábháilteachta.

12 mhí tar éis a gceapacháin, buaileann an tOifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas le gach fostaí a nocht míchumas agus, le toiliú an fhostaí, buaileann siad lena mbainisteoir freisin chun aon fhreastal réasúnta a iarradh nó a cuireadh ar fáil a athbhreithniú.

Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gcónaí ag feabhsú a córas bailithe sonraí chun léiriú cruinn a thabhairt ar an ionadaíocht, an dul chun cinn agus na dúshláin fhéideartha a bhíonn roimh fhoireann faoi mhíchumas.

## Forbairt Gairme

Ba chóir go mbeadh an deis, an spreagadh agus an tacaíocht ag gach duine chun barr a gcumais a bhaint amach. Cuirimid deiseanna éagsúla ar fáil dár bhfostaithe uile chun cabhrú lena bhforbairt agus a ndul chun cinn gairme. Áirítear leis seo réimse leathan cúrsaí oiliúna, cúrsaí forbartha bainistíochta agus cainteanna ó am go chéile ó bhainistíocht shinsearach ar ábhair ábhartha. Cuirtear seisiúin ionduchtúcháin ar fáil freisin d'fhostaithe a fuair ardú céime le déanaí.

Táimid tiomanta do fhreastal réasúnta a dhéanamh de réir mar is gá, lena n-áirítear ionaid inrochtana a úsáid, chun a chinntiú go bhfuil na deiseanna seo ar fáil do gach ball foirne faoi mhíchumas.

Táimid tiomanta do na prionsabail chéanna a leanúint i bpróisis ardaithe céime agus atá i gceist le hearcaíocht. Áirítear leis sin bearta a rinneadh chun iarratais ó dhaoine faoi mhíchumas a spreagadh, freastal réasúnta ar riachtanais shonracha a sholáthar nuair is gá, inrochtaineacht a chinntiú, agus céimeanna gníomhacha a ghlacadh chun idirdhealú, ciapadh nó steiréitíopáil a chosc.

# 7 Nósanna Imeachta Aslonnaithe

D’fhéadfadh imní ar leith a bheith ag fostaithe faoi mhíchumas faoin gcaoi a n-aslonnóidís foirgneamh i gcás éigeandála. Ní mór dúinn a fháil amach cad iad na hábhair imní seo agus bealaí a chur i bhfeidhm chun déileáil leo.

Mar shampla, d’fhéadfadh deacrachtaí áirithe a bheith ag baint le haslonnú fostaithe a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu i gcásanna nach féidir ardaitheoirí a úsáid i gcásanna éigeandála áirithe. Idir an dá linn, d’fhéadfadh go mbeadh córas ag teastáil ó fhostaithe a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu lena chinntiú go gcuirtear ar an eolas iad nuair a fhógraítear éigeandáil.

Buailfidh bainisteoirí líne le fostaithe ina gceantar a bhfuil riachtanais shonracha acu maidir le haslonnú. I gcomhairle leis an Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta sa Roinn agus le haon duine eile lena mbaineann, oibreoidh siad amach an bealach is fearr is féidir freastal ar na riachtanais sin.

Ní mór d’fhostaithe a chur in iúl dá mbainisteoir líne má tá aon riachtanais freastail réasúnta acu ar gá aghaidh a thabhairt orthu ionas gur féidir leo foirgneamh a fhágáil go sábháilte i gcás éigeandála.

Déanaimid socruithe d’aon fhostaí a bhfuil míchumas ábhartha orthu chun Plean Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta (PAÉP) a bheith i bhfeidhm dóibh. Ba chóir do bhainisteoirí líne socruithe cuí a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirtear fostaithe faoi mhíchumas san áireamh i gcónaí i ndruileanna aslonnaithe agus go ndéantar tástáil iomlán ar aon socruithe is gá le haghaidh aslonnú fostaithe agus go n-úsáidtear iad ag gach druil.

# 8 Gníomhartha tacaíochta a bhaineann le míchumas

## Fógraí poist

Tabharfaidh an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú comhairle dár nAonad Acmhainní, de réir mar is gá, maidir le:

- fógraí;
- tuairiscí poist;
- sonraíochtaí poist; agus
- foirmeacha iarratais

## Formáidí inrochtana

Nuair a iarrtar orainn, cuirfimid faisnéis ar fáil i bhformáidí inrochtana amhail Braille, cló mór, cló ardchodarsnachta agus formáid fuaime maidir le:

- foirmeacha iarratais; agus
- tuairiscí poist.

Féach ar an doiciméad 'Treoirlínte maidir le Faisnéis Inrochtana' ar CitiDesk, le do thoil.

## Ionaid inrochtana

Tá liosta againn d'ionaid inrochtana fhisiciúla atá ar fáil agus iad seo a leanas á n-eagrú againn:

- oiliúint; agus
- imeachtaí.

Féach ar an doiciméad 'Treoir maidir le hIonaid Inrochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a Fhruiliú - AccessAble' ar CitiDesk, le do thoil.

## Comhdheiseanna

Luaimid go soiléir ar ár suíomh gréasáin go gcuirimid fáilte roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu beag beann ar a stádas faoi na naoi bhforas faoi chosaint, agus tá na forais uile, lena n-áirítear míchumas, liostaithe.

## Cumarsáid

Cuirfimid gach fostaí ar an eolas faoin gCód Cleachtais seo.

## Fostaithe nua

Cuirfidh an tAonad Acmhainní ár nOifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ar an eolas ag céimeanna earcaíochta ábhartha faoi aon fhostaí nua atá faoi mhíchumas, ionas gur féidir linn na tacaíochtaí riachtanacha go léir a chur i bhfeidhm.

## Oiliúint

Tá sraith ríomh-mhodúl againn a bhaineann leis an ábhar 'Ionchuimsiú san Ionad Oibre' lena n-áirítear ríomh-mhodúl sonrach ar mhíchumas. Tá na ríomh-mhodúil seo ar fáil ar ardán ríomhfhoghlama na Comhairle. Tá na ríomh-mhodúil ar fáil i bhformáid leabhráin freisin d'aon bhall foirne nach bhfuil rochtain acu ar an gcúrsa ar líne.

Tá sraith seimineár gréasáin oiliúna feasachta míchumais ar fáil freisin ar mhol CÉI CitiDesk.

Cuirtear an oiliúint seo ar fáil chun tacú leis an bhfoireann leis an eolas agus na scileanna atá riachtanach chun deireadh a chur le steiréitíopáil agus idirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus éagsúlacht a chur san áireamh agus cearta an duine a chosaint. Tá sé mar bhonn lenár dtiomantas timpeallacht oibre ionchuimsitheach, inrochtana, fáilteach agus neamh-idirdhealaitheach a sholáthar dár mbaill foirne.

Táthar ag súil go mbeidh an ríomh-mhodúil sonrach ar mhíchumas déanta ag na daoine atá freagrach as bainistíocht foirne. Spreagtar baill foirne go gníomhach freisin chun páirt a ghlacadh i seimineár gréasáin feasachta míchumais.

## Gearáin

Leagann an Beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre amach ár nósanna imeachta chun aghaidh a thabhairt ar ghearáin faoi bhulaíocht, ciapadh, gnéaschiapadh agus idirdhealú san ionad oibre.

Ba chóir gearán faoi bhulaíocht, ciapadh, nó idirdhealú ar chúis mhíchumais a dhéanamh chuig an mbainisteoir líne cuí ar an gcéad dul síos agus déileálfar leis an méid sin go muiníneach a mhéid agus is féidir. Agus gearán den sórt sin á dhéanamh acu, is féidir le fostaithe tacaíocht a lorg óna gCeardchumann.

Ina theannta sin, tá cearta reachtúla ag fostaithe gearán den sórt sin a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre faoi reachtaíocht chomhionannais, agus tacaíocht a lorg chuige seo óna gCeardchumann nó ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

## Rannpháirtíocht

Is féidir le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath dul i mbun oibre le grúpaí fócais le daoine faoi mhíchumas de réir mar is gá.

# 9 An Cód Cleachtais a Chur i bhFeidhm agus Monatóireacht a Dhéanamh air

Cé go bhfuil ról ag gach fostaí i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir leis an gCód Cleachtais seo a chur i bhfeidhm agus monatóireacht a dhéanamh air, tá freagracht ar leith ar bhainisteoirí a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid á gcomhlíonadh.

Ina theannta sin, déanfaidh ár nOifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú athbhreithniú ar an gCód de réir mar is gá.

# 10 Tagairtí Eile

Tá beartais, treoirlínte agus oiliúint tacaíochta ag Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá le fáil ar ár leathanach moil Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe ar CitiDesk: Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú - Baile.

## Beartais agus Treoirlínte

- Nós Imeachta um Iarratas ar Fhreastal Réasúnta;
- Beartas Comhionannais;
- Beartas um Chur Chun Cinn agus Bainistiú Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe.
- Beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre;
- Treoirlínte maidir le Faisnéis Inrochtana;
- AccessAble - Treoir maidir le hIonaid Inrochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a Fhruiliú.

## Oiliúint

- Ríomh-mhodúil ‘Ionchuimsiú san Ionad Oibre’;
- Seimineáir ghréasáin feasachta oiliúna.

# Aguisín 1: Faisnéis dhlíthiúil ábhartha agus faisnéis faoi mhíchumas

## Sainmhíniú ar mhíchumas

**Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015**
Tagraíonn an reachtaíocht d'oibleagáid fostóra i leith fostaithe faoi mhíchumas. Faoi Chuid 1 Alt 2(1) de na hAchtanna Comhionannais, sainmhínítear míchumas mar:

a) feidhmeanna coirp nó meabhrach duine a bheith in easnamh go hiomlán nó go páirteach, lena n-áirítear cuid de chorp duine a bheith in easnamh;

b) orgánaigh atá nó is dóigh a bheidh ina dtrúig galair nó tinnis ainsealaigh a bheith sa chorp;

c) mífheidhmiú, anchuma nó máchailiú cuid de chorp duine;

d) riocht nó mífheidhmiú a bhfuil de thoradh air go bhfoghlaimíonn duine ar shlí éagsúil le duine nach bhfuil an riocht nó an mífheidhmiú air nó uirthi, nó

e) riocht, tinneas nó galar a fhearann ar phróisis smaointe duine, ar aireachtáil na réaltachta ag duine, ar mhothúcháin nó ar bhreithiúnas duine nó a bhfuil iompraíocht shuaite de thoradh air, agus measfar go bhfolaíonn sé míchumas atá ann faoi láthair, a bhí ann cheana ach nach bhfuil ann a thuilleadh, nó a fhéadfaidh a bheith ann amach anseo, nó a chuirtear i leith duine.

## Freastal Réasúnta

**Leagtar amach sna hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 -2015, Alt 16**
an dualgas atá ar fhostóirí "bearta iomchuí" a sholáthar chun daoine faoi mhíchumas a chumasú rochtain a fháil ar fhostaíocht, páirt a ghlacadh inti agus dul chun cinn a dhéanamh inti. Tá feidhm ag an dualgas seo mura rud é go bhforchuirfeadh bearta den sórt sin ualach díréireach ar an bhfostóir.

Déanfaidh fostóir gach a bhfuil réasúnta chun freastal ar riachtanais duine atá faoi mhíchumas trí chóireáil nó áiseanna speisialta a sholáthar.

**Éilíonn an tAcht um Míchumas 2005 Cuid 5, Alt 47(1)(a)**
ar chomhlachtaí poiblí, a mhéid agus is féidir, gach beart réasúnta a dhéanamh chun fostaíocht daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus tacú léi.

## Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC)

**An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, Alt 42**
Éilítear i nDualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint, d’fhostaithe, d’úsáideoirí seirbhíse, do bhaill agus do thairbhithe beartais, ar fud a réimsí feidhme uile.

# Aguisín 2: Ceisteanna Coitianta

**C. Cad iad na roghanna atá ar fáil dom má thagann míchumas orm?**

**F.** Má thagann míchumas ort nó má tá míchumas agat cheana féin a éiríonn níos measa, féachfaimid ar gach freastal réasúnta agus déanfaimid gach rud is féidir linn chun a chinntiú gur féidir leat fanacht i bhfostaíocht. Áirítear leis seo na rudaí seo a leanas a chur ar fáil:

- trealamh;
- teicneolaíocht chúnta agus
- athstruchtúrú poist féideartha.

I gcás ina bhfuil cóiríocht réasúnta curtha ar fáil againn, ach go bhfuil deacrachtaí fós ann leis an obair, d'fhéadfadh go mbeadh gá le roghanna eile, lena n-áirítear cainteanna lena mbaineann na daoine seo a leanas:

- tú féin;
- do bhainisteoir líne;
- nuair is gá, an Rannóg Acmhainní Daonna; agus
- d'ionadaí nó d'oifigeach Ceardchumainn (más infheidhme).

**C. Mar bhainisteoir, cad ba cheart dom a dhéanamh má shanntar fostaí atá faoi mhíchumas dom nó má thagann míchumas ar dhuine de m'fhoireann?**

**F.** Is féidir le cineál agus grád an mhíchumais a bheith an-éagsúil. Cé nach mbíonn tionchar ar bith ag roinnt míchumas ar chumas duine a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach ar bith, d'fhéadfadh go mbeadh ort cineál éigin freastail a dhéanamh i gcásanna eile.

**Cumarsáid**

Is í an chumarsáid mhaith an eochair chun an chuid is mó de na deacrachtaí a shárú. Is minic gurb é an duine faoi mhíchumas an duine is fearr duit an cheist a chur orthu cad atá de dhíth orthu. Ba chóir do bhainisteoirí seiceáil isteach go rialta lena bhfoireann atá faoi mhíchumas chun aghaidh a thabhairt ar aon fhadhbanna agus a chinntiú go n-éireoidh leo comhtháthú agus sóisialú san ionad oibre.

**Tuairim Leighis**

Uaireanta, áfach, b'fhéidir go mbeadh tuairim leighis ag teastáil uait. Má tá sí ag teastáil uait, ba chóir duit dul i gcomhairle leis an Rannóg Acmhainní Daonna.

**An tSeirbhís Tacaíochta Foirne**

Mar bhainisteoir, ba chóir duit gach fostaí a chur ar an eolas faoi infhaighteacht na Seirbhíse Tacaíochta Foirne mar is féidir léi tacaíocht ghairmiúil ghearrthéarmach a thairiscint don fhostaí.

**Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú**

Tá an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú ar fáil i gcónaí chun tacaíocht agus comhairle a thairiscint do bhainisteoirí agus d'fhostaithe araon.

**Tá freagracht ar bhainisteoirí áitiúla**

Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá na daoine atá i gceannas go díreach ar an ionad oibre, amhail bainisteoirí líne áitiúla, freagrach as bainistíocht sláinte agus sábháilteachta gach fostaí agus ionaid oibre faoina gcúram. Áirítear leis sin fostaithe faoi mhíchumas.

Ní mór do bhainisteoirí líne a chinntiú:

- go ndéantar rioscaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus a rialú go leordhóthanach;
- go bhfuil plean ann a chinntíonn go gcomhlíonann a Roinn na caighdeáin lárnacha sábháilteachta agus sláinte.

**Riosca sonrach do dhaoine faoi mhíchumas**

Nuair a shanntar fostaí faoi mhíchumas do rannóg, ba cheart don bhainistíocht áitiúil measúnú riosca atá sainiúil don suíomh a shocrú. Má léiríonn sé sin aon rud a chaithfear a athrú, ní mór don bhainistíocht áitiúil a chinntiú go ndéantar na hathruithe seo.
Is dea-chleachtas é dul i gcomhairle leis an bhfostaí atá faoi mhíchumas agus an measúnú riosca seo á scríobh.

**C. Cén ról atá ag an tSeirbhís Tacaíochta Foirne?**

**F.** Cuireann an tSeirbhís Tacaíochta Foirne seirbhís comhairleoireachta agus comhairliúcháin saor in aisce agus rúnda ar fáil do gach fostaí de chuid Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

**C. Cad iad na beartais agus na nósanna imeachta ábhartha eile a bhaineann le fostaithe faoi mhíchumas?**

**F.** Seo a leanas cuid de na beartais agus na nósanna imeachta is ábhartha:

- Nós Imeachta um Iarratas ar Fhreastal Réasúnta;
- Beartas Comhionannais;
- Beartas um Chur Chun Cinn agus Bainistiú Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe;
- Beartas maidir le Dínit san Ionad Oibre;

- Treoirlínte maidir le Faisnéis Inrochtana;
- AccessAble - Treoir maidir le hIonaid Inrochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a Fhruiliú;
- Lámhleabhar Sábháilteachta d'Fhostaithe;
- Nós Imeachta Aslonnaithe Dóiteáin agus Éigeandála; agus
- Pleananna Aslonnaithe Éigeandála Pearsanta.

**C. Cé atá freagrach as teicneolaíocht chúnta a chur ar fáil nuair is gá?**
**F.** Tá do Rannóg nó do Rannán freagrach as teicneolaíocht chúnta a chur ar fáil. Is féidir leis an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú comhairle a thabhairt maidir le cá háit le trealamh a fháil, tá do Rannóg nó do Rannán freagrach as an trealamh a fháil agus as aon chostas airgeadais a bhaineann leis.

**C. Conas is féidir le fostaí gearán a dhéanamh a bhaineann leis an bhforas míchumais?**
**F.** Tá Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath tiomanta do bhearta a dhéanamh chun idirdhealú a chosc agus chun timpeallacht oibre agus gnó ionchuimsitheach a chinntiú atá bunaithe ar dhínit agus meas ar chách, áit a gcuirtear fáilte roimh éagsúlacht agus ina ndéantar freastal uirthi. Leagtar amach sa Bheartas maidir le Dínit san Ionad Oibre nósanna imeachta na Comhairle chun aghaidh a thabhairt ar líomhaintí maidir le hiompar míchuí amhail bulaíocht, ciapadh, gnéaschiapadh agus idirdhealú san ionad oibre. Aon ghearán a dhéanfar i dtaca le bulaíocht, ciapadh, gnéaschiapadh nó idirdhealú, láimhseálfar é faoi rún, a oiread agus is féidir.

Ní dhéanann sé sin difear do chearta reachtúla aon fhostaithe gearán a dhéanamh le tríú páirtí amhail Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (CÉCDC), an Coimisiún um Chaidreamh san Ionad Oibre (CCIO) agus araile.

# Aguisín 3: Samplaí den teicneolaíocht agus oiriúnú na n-ionad oibre

Seo roinnt samplaí de mhíchumais a d'fhéadfadh a bheith ag fostaithe agus oiriúnuithe gaolmhara:

## Duine dall nó duine a bhfuil lagú radhairc orthu

**Bogearraí JAWS** – pacáiste bogearraí léite scáileáin ríomhaire

**Formáidí malartacha** – táirgeadh doiciméad beartais i bhformáidí malartacha, amhail:

- mórchló;
- cló ardchodarsnachta; agus
- Braille.

**Bogearraí -** bogearraí méadaithe scáileáin ríomhaire

## Disléicse

**Bogearraí gníomhachtaithe gutha** – bogearraí oiriúnaitheacha a úsáideann aithint cainte chun ligean don úsáideoir urlabhra a úsáid chun

- doiciméid agus ríomhphoist a chruthú
- foirmeacha a líonadh
- tascanna sreafa oibre a shruthlíniú

## Fadhbanna soghluaisteachta nó saincheisteanna a bhaineann le heirgeanamaíocht an ionaid oibre a théann i bhfeidhm ar dhuine faoi mhíchumas

**Measúnú eirgeanamaíochta** chun stáisiúin oibre a shaincheapadh.

## Daoine bodhra nó daoine breacbhodhra

**Ateangairí –** ateangairí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar do chruinnithe agus d'agallaimh

**Foláirimh –** Is féidir foláirimh bhodhra a sholáthar chun fostaithe bodhra nó breacbhodhra a chur ar an eolas i gcás aslonnú éigeandála nó druile

**Fóin –** soláthar fón a splancann agus a bhfuil rialú fuaime orthu

## Néara-éagsúlacht

Is foinse luachmhar nirt agus saibhrithe san ionad oibre í an éagsúlacht, lena n-áirítear éagsúlacht chognaíoch i bhfoirm néara-éagsúlachta. Tagraíonn néara-éagsúlacht do na bealaí éagsúla a bhféadfadh an inchinn a oibriú agus faisnéis a thuiscint. Is daoine néaraitipiciúla iad formhór na ndaoine, rud a chiallaíonn go n-oibríonn a n-inchinn agus go bpróiseálann siad faisnéis ar bhealach a bhfuil súil ag an tsochaí leis. Bíonn bealaí éagsúla smaointeoireachta, próiseála agus tuisceana ag daoine atá néara-éagsúil.

Tá go leor tascanna laethúla deartha ar bhealach néaraitipiciúil agus is féidir leis seo tionchar a imirt ar dhuine atá néara-éagsúil, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riochtaí nó difríochtaí acu amhail Uathachas, Neamhord an Easnaimh Airde agus na Hipirghníomhaíochta (NEAH), Diospraicse agus Dioscalcúile.

Is féidir go mbeadh forluí mór idir riochtaí néara-éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart aon riachtanais tacaíochta a shainaithint agus a chur i bhfeidhm ar bhonn meastóireachta aonair. I measc roinnt samplaí de thacaí don néara-éagsúlacht, áfach, d'fhéadfadh cluasáin cealaithe torainn, plugaí cluaise, an cead le haghaidh sosanna céadfacha agus soláthar bogearraí téacs-go-teanga a bheith i gceist.

# Aguisín 4: Rudaí is Ceart agus Nach Ceart a Dhéanamh

Mar threoir ghinearálta, moltar do gach fostaí a bheith foighneach, tacúil agus solúbtha agus am a thógáil i gcónaí chun tuiscint a fháil agus a chinntiú go dtuigtear iad.

## Cad is Ceart a Dhéanamh

**Ba cheart tús áite a thabhairt do dhaoine**
Teanga 'daoine ar dtús' a úsáid chun a mheabhrú duit nach ionann duine agus a mhíchumais.

Mar shampla, déan tagairt do:

- duine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu
- duine ar úsáideoir cathaoireacha rothaí é/í

**Ba cheart ceist a chur ar dtús**
Má tá an chuma ar dhuine go bhfuil siad ag streachailt le soghluaisteacht, cuir ceist agus ná glac leis go bhfuil cabhair ag teastáil uathu nó de dhíth orthu.

**Ba cheart meas ar spás pearsanta a léiriú**
Smaoinigh ar chathaoir rothaí nó ar áis soghluaisteachta eile mar chuid de spás pearsanta an úsáideora. Ná bain taca as ná brúigh é gan iarraidh.

**Ba cheart labhairt ag leibhéal na súl**
Crom síos nó tarraing cathaoir suas ionas gur féidir leat labhairt le duine atá i gcathaoir rothaí ag leibhéal a súl. Cuireann sé strus níos lú ar a muineál agus tá sé níos measúla.

**Ba cheart comharthaí soiléire a thabhairt**
Inis do dhuine atá dall nó duine a bhfuil lagú radhairc orthu má tá tú á bhfágáil iad ag am ar bith ionas nach bhfágtar iad ag caint le spás folamh.

**Ba cheart gnáth-thuin chainte a úsáid**
Má tá duine Bodhar nó breacbhodhar, bain úsáid as gnáth-thuin shoiléir agus tú ag caint leo agus más gá, bain úsáid as peann agus páipéar chun cabhrú leat cumarsáid a dhéanamh.

Agus tú ag caint, féach go díreach ar an duine ionas gur féidir leo do ghotha gnúise a fheiceáil agus léamh beola a dhéanamh más gá.

Má tá comhghleacaí Bodhar nó breacbhodhar, fiafraigh díobh an mbeidís ag iarraidh ort nótaí a thógáil ag cruinnithe foirne ionas go mbeidh siad ar an eolas faoi na rudaí atá á rá.

**Ba cheart do chuid ama a ghlacadh**
Má tá míchumas intleachtúil ag comhghleacaí, glac do chuid ama agus tú ag míniú tasc dóibh.

Bain úsáid as teanga shoiléir agus shimplí agus bí ullamh chun céimeanna tasc a athdhéanamh cúpla uair lena chinntiú go dtuigeann siad go soiléir.

## Cad nach ceart a dhéanamh

**Ná cuir isteach ar mhadraí treorach**
Ná cuir isteach nó ná cuir do lámh ar mhadra treorach gan cead a iarraidh ón úinéir ar dtús.
Ní peata é madra treorach, is ainmhí oibre é.

**Ná déan dearmad ceist a chur ar dtús**
Ná déan iarracht duine dall nó duine a bhfuil lagú radhairc orthu a threorú gan a fhiafraí ar dtús an bhfuil cabhair den sórt sin uathu.

**Ná déan neamhaird den duine**
Ná déan neamhaird den duine trí labhairt lena n-ateangaire Theanga Chomharthaíochta na hÉireann seachas leo. Níl an t-ateangaire Theanga Chomharthaíochta Éireannach ann ach le haghaidh aistriúcháin.

**Ná cuir isteach orthu**
Má tá stad i gcaint duine, ná déan iarracht a gcuid abairtí a chríochnú.

**Ná labhair thar a bheith ard**

Má tá duine Bodhar nó breacbhodhar, ná:

- labhair go hard;
- cuir an iomarca béime ar do chuid focal; nó
- cas d’aghaidh uathu agus tú ag caint.

**Ná bí mífhoighneach**

Má tá comhghleacaí faoi mhíchumas intleachtúil, ná cuireadh sé isteach ort nó ná bí mífhoighneach leo agus ná déan deifir leis an tasc atá uait go ndéanfaidís agus talamh shlán a dhéanamh de go dtuigfidh siad cad atá á iarraidh agat.

# Aguisín 5: Teagmhálacha inmheánacha úsáideacha agus gníomhaireachtaí eile

## Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath

**Oifigeach um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú nó Oifigeach Idirchaidrimh do Dhaoine faoi Mhíchumas**
Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú,
Bloc 4, Urlár 1,
Oifigí na Cathrach,
Cé an Adhmaid,
Baile Átha Cliath 8
Teil (01) 222 3136
Ríomhphost edi@dublincity.ie

**An tSeirbhís Tacaíochta Foirne,**
Aonad 2, Urlár na Talún,
Cúirt na Marascalachta,
Cé na gCeannaithe,
Baile Átha Cliath 8
Teil (01) 222 5140
Ríomhphost staff_support@dublincity.ie

**Oifigeach Rochtana,**
An Rannóg Pleanála, Maoine agus Forbartha Eacnamaíochta,
Rannán um Rialú Foirgníochta,
Bloc 4, Urlár 2,
Oifigí na Cathrach,
Cé an Adhmaid,
Baile Átha Cliath 8
Teil (01) 222 3126
Ríomhphost accessofficer@dublincity.ie

# Ceardchumainn

**Fórsa**
Rannán na bhFostaithe Bardasacha,
Cúirt Mhic an Airchinnigh,
Baile Átha Cliath 1
Teil (01) 817 1500
Ríomhphost info@forsa.ie

**Ceardchumann Connect,**
6 Rae Ghairdinéir,
Baile Átha Cliath 1
Teil 874 7047
Ríomhphost info@connectunion.ie

**CSTGT**
Brainse Údaráis Áitiúil,
Urlár 3,
Halla na Saoirse,
Baile Átha Cliath 1
Teil (01) 858 6300
Ríomhphost pmccormack@siptu.ie

# Gníomhaireachtaí seachtracha

**Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas,**
16 -22 Sráid na Faiche,
Baile Átha Cliath 7
Teil (01) 858 9601
Ríomhphost info@ihrec.ie

**An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre,**
Teach Lansdún,
Bóthar Lansdún,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4
Teil (0818) 80 80 90
Ríomhphost customerservice@workplacerelations.ie

**An tÚdarás Náisiúnta Míchumais,**
25 Bóthar Chluaidh,
Droichead na Dothra,
Baile Átha Cliath 4
Teil (01) 608 0400
Ríomhphost info@nda.ie

**Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann,**
Áras Cú Chulainn,
Céide an Fhraoigh Dhuibh,
Cluain Tarbh,
Baile Átha Cliath 3
Teil (01) 818 6400
Ríomhphost info@iwa.ie

**AWARE,**
9 Sráid Líosain Uachtarach,
Raghnallach,
Baile Átha Cliath 4
Teil (01) 661 7211
Ríomhphost info@aware.ie

**Chime,**
35 Sráid Fhreidric Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1
Teil (01) 817 5700
Ríomhphost info@chime.ie

**Vision Ireland,**
Bóthar Whitworth,
Droim Conrach,
Baile Átha Cliath 9
Teil (01) 830 7033
Ríomhphost info@vi.ie

**Cumann Bodhar na hÉireann,**
Baile Bodhar Éireann,
7 Bóthar Ráth Tó,
An Chabrach Thiar,
Baile Átha Cliath 7
Teil (01) 860 1878
Ríomhphost info@irishdeafsociety.ie

**Ionchuimsiú Éireann,**
Cumann Náisiúnta na nDaoine faoi Mhíchumas Intleachtúil,
Aonad C2 The Steelworks,
Sráid Uí Fhoghlú,
Baile Átha Cliath 1
Teil (01) 855 9891
Ríomhphost info@inclusionireland.ie

# Aguisín 6: Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine

Éilítear i nDualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine go dtabharfaidh an Cód Cleachtais seo aird ar an ngá atá le deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint ar mhaithe le héagsúlacht ár bhfostaithe. Rinneadh Measúnú Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine ag céim an dréachta deiridh chun cloí leis an Dualgas. Le cur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais, déanfar ár bhfreagairt ar na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a sainaithníodh mar shaincheisteanna ábhartha agus an Measúnú Tionchair ar Chomhionannas agus ar Chearta an Duine á dhéanamh agus atá liostaithe san Aguisín seo a rianú agus a choinneáil.

Is iad na grúpaí a shainaithnítear don Dualgas ná: iad siúd atá clúdaithe ag forais inscne (lena n-áirítear daoine trasinscneacha agus iad siúd atá ag aistriú inscne), stádas sibhialta, stádas teaghlaigh (lena n-áirítear tuismitheoirí aonair agus cúramóirí), aois, míchumas, claonadh gnéis, cine, creideamh, ballraíocht den Lucht Siúil, agus stádas socheacnamaíoch (go háirithe iad siúd atá i mbaol bochtaineachta agus eisiaimh nó atá ag fulaingt bochtaineachta agus eisiaimh); iad siúd a dtagann na forais seo isteach ina chéile ina gcás-san; agus sealbhóirí ceart faoi ionstraimí ábhartha um chearta an duine. Cé go bhfuil an beartas seo dírithe go sonrach ar dhaoine faoi mhíchumas, tugann sé aird ar na grúpaí eile atá sainaitheanta don Dualgas agus dearcadh trasnach á ghlacadh aige agus é á chur i bhfeidhm.

Leagtar amach sa Ráiteas Luachanna maidir le Comhionannas agus Cearta an Duine ár n-uaillmhian don Dualgas i dtéarmaí cúig luach: Dínit agus Meas; Éagsúlacht agus Inrochtaineacht; Rannpháirtíocht agus Teagmháil; Rogha agus Neamhspleáchas. Leagtar síos ann na himpleachtaí gach luacha do thosaíochtaí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus do phróisis Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath.

I gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus i gcomhréir lenár luachanna comhionannais agus chearta an duine, mar atá leagtha amach inár Ráiteas Luachanna Comhionannais agus Chearta an Duine aithníonn agus luachálann Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath éagsúlacht ár bhfoirne.

Tá na saincheisteanna comhionannais agus chearta an duine a shainaithnítear mar shaincheisteanna ábhartha don Chód Cleachtais seo agus atá le plé aige liostaithe thíos. Ní measúnú é ar Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath maidir le comhlíonadh a cuid feidhmeanna.

| Dínit agus Meas |
|---|
| Saincheisteanna Ábhartha<br>• Steiréitíopaí, claontacht agus toimhdí bréagacha i ndáil le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear dearcthaí diúltacha agus léirithe steiréitipiciúla.<br>• Idirdhealú a fhulaingíonn daoine faoi mhíchumas ar an leibhéal aonair agus ar an leibhéal sistéamach araon, lena n-áirítear san obair agus maidir le rochtain a fháil ar obair, agus ar leibhéal trasnach.<br>• Ciapadh agus gnéaschiapadh a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear ag an obair.<br>• Uaigneas a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas.<br>• An mothúchán go gcaithfidh duine a chéannacht a cheilt ag an obair agus mainneachtain timpeallachtaí oibre a chruthú atá fáilteach agus sábháilte do dhaoine faoi mhíchumas.<br>• Easpa oiliúna d'fhostóirí agus d'fhostaithe maidir le saincheisteanna comhionannais, idirdhealaithe agus steiréitíopála.<br>• Easpa eolais faoi chearta agus conas cearta a fheidhmiú, agus easpa faisnéise curtha ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.<br>• Leibhéil arda tearcthuairiscithe idirdhealaithe mar gheall ar easpa muiníne, easpa faisnéise, eagla roimh íospairt, agus creideamh nach n-athróidh aon rud.<br>• Córais easnamhach chun gearáin faoi idirdhealú, ciapadh agus ciapadh gnéasach a fháil agus freagairt dóibh go cuí agus go héifeachtach, agus mainneachtain aird a tharraingt ar na córais sin atá i bhfeidhm.<br>• Ionchas i measc na ngrúpaí aitheanta go gcaithfear leo gan dínit agus meas agus nach dtuigfear iad, agus, dá bharr sin, nach dtéann daoine i dteagmháil le hinstitiúidí. |
| **Éagsúlacht agus Inrochtaineacht** |
| Saincheisteanna Ábhartha<br>• Timpeallachtaí fostaíochta agus oibre dorochtana, agus easpa próiseas chun oiriúnú nó a bheith solúbtha mar fhreagairt ar riachtanais shonracha daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear socrú agus áiseanna spás oibre; dearadh poist agus tascanna; socruithe oibre solúbtha; easpa soláthair agus rochtana ar theicneolaíocht chúnta; agus saincheisteanna dícheangailte agus imeallaithe mar thoradh ar leas a bhaint as socruithe solúbtha ionad oibre.<br>• Ábhar, formáidí agus bealaí cumarsáide dorochtana, nach bhfreastalaíonn ar dhaoine faoi mhíchumas. |

| |
|---|
| • Easpa córas agus próiseas i bhfeidhm chun eolas a chur ar fáil faoi éagsúlacht agus riachtanais shonracha duine, chun daoine a spreagadh chun eolas a chur ar fáil faoi seo, agus chun freagairt ar bhealach leordhóthanach do riachtanais shonracha a eascraíonn as éagsúlacht agus oiriúnú dóibh.<br>• Mainneachtain sonraí comhionannais a bhailiú agus a anailísiú i ndáil le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear mainneachtain sonraí ginearálta oibre a bailíodh a mhiondealú.<br>• Easpa oiliúna ar éagsúlacht agus ar impleachtaí praiticiúla na héagsúlachta, agus ar phróisis agus ionaid oibre ionchuimsitheacha.<br>• Easpa aitheantais ar thrasnachas. |
| **Ionchuimsiú agus Ceartas Sóisialta** |
| Saincheisteanna Ábhartha<br>• Bacainní ar dhul chun cinn gairme, easpa ardú céime san fhostaíocht, agus easpa deiseanna agus rochtana ar thacaí agus oiliúint san obair a chleachtann daoine faoi mhíchumas.<br>• Córais earcaíochta nó ardú céime easnamhacha i ndáil le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear easpa teagmhála; dearadh neamhleor ar fhógraí poist; easpa éagsúlachta ar phainéil; tuairiscí poist míchuí; próisis dorochtana; agus easpa trédhearcachta i gcórais earcaíochta agus ardaithe céime. |
| **Rannpháirtíocht agus Teagmháil a dhéanamh** |
| Saincheisteanna Ábhartha<br>• Easpa comhairliúcháin nó rannpháirtíochta fiúntaí le daoine faoi mhíchumas, agus mainneachtain próisis chomhairliúcháin agus rannpháirtíochta a dhearadh atá cuimsitheach agus inrochtana. |

Comhairle Cathrach
Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

**An Rannóg Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe**
**Bloc 4, Urlár 1**
**Oifigí Cathartha, Cé an Adhmaid,**
**Baile Átha Cliath 8.**
**D08 RF3F**

Teil: **01 222 3136**
Ríomhphost: **EDI@dublincity.ie**
CitiDesk: Mol Comhionannais, Éagsúlachta agus Ionchuimsithe

**Téigh i dteagmháil leis an Oifig um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú más gá duit cóip den bheartas seo a fháil i gcló mór, i gcló ardchodarsnachta, i mBraille nó i bhformáid fuaime.**